# Creat Inniúlachtaí

## Ancairí

I gCreat nua Inniúlachtaí EPSO, sainmhínítear na **8 n-inniúlacht ghinearálta** nach mór d'oifigigh an Aontais a léiriú le linn a ngairmréime. Is é atá i ngach inniúlacht ghinearálta gnéithe áirithe inbhraite ar a dtugtar **ancairí**. Cuimsítear na 8 n-inniúlacht ghinearálta uile agus na hancairí a ghabhann leo sa bhileog eolais seo.





# 8 n-inniúlacht ghinearálta atá le léiriú

1. Smaointeoireacht chriticiúil, anailísiú agus réiteach cruthaitheach fadhbanna
2. Cinnteoireacht agus torthaí a fháil
3. Litearthacht dhigiteach agus inoiriúnaitheacht dhigiteach (Bainistiú Faisnéise)
4. Féinbhainistiú
5. Oibriú le daoine eile
6. An fhoghlaim mar scil
7. Cumarsáid
8. Infhiontraíocht

eu careers



## 1.

# Smaointeoireacht chriticiúil, anailísiú agus réiteach cruthaitheach fadhbanna

Smaoiníonn an duine ar bhealach iomlánaíoch agus baineann sé leas as faisnéis chasta chun teacht ar réitigh chruthaitheacha nuálacha.

**Ancairí:**

- Idirdhealaíonn an duine gnéithe riachtanacha ar ghnéithe nach bhfuil chomh ríthábhachtach céanna, agus comhtháthaíonn sé faisnéis ó fhoinsí éagsúla.
- Sainaithníonn an duine bealaí chun tosaigh a d’fhéadfadh a bheith ann, agus réimse tuairimí agus seasamh á gcur san áireamh aige.
- Bainistíonn an duine faisnéis agus coincheapa casta go maith.
- Bunaíonn an duine naisc idir gnéithe atá lasmuigh de réimse a chuid freagrachta féin agus den am i láthair. Bíonn coinne ag an duine le tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann maidir leis an bpictiúr mór.
- Saothraíonn an duine smaointe úrnua agus réitigh nuálacha ar fhadhbanna trí bheith ag smaoineamh ar bhealach nuálach.


eu careers

## 2.
# Cinnteoireacht agus torthaí a fháil

Déanann an duine cinntí i dtimpeallacht atá ag arú, déanann sé gníomh de réir na gcinntí sin, agus oibríonn sé i dtreo torthaí nithiúla a bhaint amach.

## Ancairí:

- Déanann an duine cinntí fiú nuair a bhíonn cúinsí anaithnide nó faisnéis neamhiomlán i gceist.
- Déanann an duine cinntí feasacha agus déanann sé seiceáil ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla.
- Glacann an duine beart praiticiúil: roghnaíonn sé an beart is caoithiúla agus cuireann sé in oiriúint é go solúbtha agus an staid á meas.
- Molann an duine gníomhaíocht agus réitigh go réamhghníomhach as a stuaim féin.
- Molann an duine gníomhaíocht spriocdhírithe chun torthaí nithiúla a bhaint amach le haghaidh na gcuspóirí atá leagtha síos.



eu careers



3.

# Litearthacht dhigiteach agus inoiriúnaitheacht dhigiteach (Bainistiú Faisnéise)

Cuireann an duine a chuid eolais agus scileanna i bhfeidhm sa timpeallacht dhigiteach agus déanann sé bealaí oibre a bharrfheabhsú trí uirlisí agus teicneolaíochtaí digiteacha.

## Ancairí:

- Úsáideann an duine foinsí ábhartha agus straitéisí cuardaigh éagsúla chun go gcomhlíonfar na riachtanais faisnéise a eascraíonn as tascanna casta.
- Déanann an duine meastóireacht ar chreidiúnacht agus iontaofacht foinsí, sonraí, faisnéise agus ábhair i dtimpeallachtaí digiteacha.
- Déanann an duine uirlisí agus teicneolaíochtaí digiteacha iomchuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun oibriú le daoine eile, chun idirghníomhú, agus chun faisnéis a chomhroinnt.
- Aithníonn an duine luach na n-inniúlachtaí digiteacha agus bíonn sé toilteanach an t-am a infheistiú go réamhghníomhach chun coinneáil suas leis an athrú digiteach.
- Déanann an duine riachtanais teicneolaíochta a léiriú agus a mhíniú go soiléir do chomhghleacaithe, do sholáthraithe seirbhíse agus do pháirtithe leasmhara.




## 4.


# Féinbhainistiú

Eagraíonn an duine a thascanna féin, léiríonn sé freagracht agus dearcadh cuiditheach i gcónaí.

## Ancairí:

- Eagraíonn an duine a chuid oibre féin go héifeachtach.
- Glacann an duine freagracht as a chuid torthaí féin agus léiríonn sé tiomantas chun spriocanna a bhaint amach.
- Freagraíonn an duine go stuama do chonstaicí agus bíonn sé in ann fanacht amach ón bhfrustrachas agus ón diúltachas.
- Cuireann an duine straitéisí i bhfeidhm chun strus agus céimeanna ar gcúl a chosc (e.g. cuidiú nó tacaíocht a iarraidh nuair is gá).
- Bíonn an duine toilteanach dul in oiriúint do dhálaí oibre atá ag athrú agus freagraíonn sé ar bhealach dearfach do chúinsí athraitheacha.

eu careers



## 5.

# Oibriú le daoine eile

Léiríonn an duine comhar ilréimsiúil agus cuireann sé éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn. Comhoibríonn an duine go maith trí chomhréiteach a lorg, eolas a chomhroinnt agus cuidiú le daoine eile.

**Ancairí:**

- Spreagann an duine comhar idir foirne agus tacaíonn sé go pearsanta leis na spriocanna agus leasanna comhchoiteanna.
- Pléann an duine malairtí tuairime go hoscailte leis na daoine lena mbaineann, tuigeann sé dearcthaí eile, agus féachann sé le comhréiteach a bhaint amach i gcásanna aighnis.
- Glacann an duine leis an éagsúlacht agus cothaíonn sé timpeallacht ionchuimsithe, bíonn sé ag iarraidh caitheamh le gach duine eile mar a chéile agus go cothrom.
- Cuireann an duine cúnamh agus cuidiú ar fáil do dhaoine eile.
- Comhroinneann an duine eolas go réamhghníomhach ar mhaithe le daoine eile agus ar mhaithe le foghlaim daoine eile ar bhonn leanúnach.



6.

# An fhoghlaim mar scil

Bainistíonn an duine a chuid foghlama, a chuid forbartha agus a chuid féinfheabhsaithe féin go gníomhach.

**Ancairí:**

- Aithníonn an duine a riachtanais foghlama phearsanta féin agus forbraíonn sé a scileanna pearsanta tríd an bhfoghlaim leanúnach.
- Bainistíonn an duine an fás pearsanta ar dhóigh fhóinteach: féachann sé lena láidreachtaí agus laigí pearsanta a thuiscint.
- Freagraíonn an duine ar bhealach dearfach d'aiseolas agus do mheastóireacht chuiditheach.
- Tapaíonn an duine gach deis foghlama, fiú foghlaim ón teip.
- Aithníonn an duine deiseanna chun ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm agus feidhmíocht a fheabhsú.

eu careers



7.


# Cumarsáid

Cuireann an duine faisnéis agus tuairimí in iúl go soiléir, gineann sé tacaíocht ghníomhach trí idirghníomhaíocht a éascú agus trí dhul i dteagmháil go héifeachtach le daoine eile.

## Ancairí:

- Cuireann an duine faisnéis agus tuairimí in iúl go soiléir agus go gonta (ó bhéal agus i scríbhinn).
- Cuireann an duine an teachtaireacht in oiriúint chun freagra a thabhairt ar riachtanais an duine nó na ndaoine lena bhfuil sé ag déanamh cumarsáide.
- Úsáideann an duine argóintí áititheacha agus réasúnaíocht láidir chun an teachtaireacht a chur in iúl.
- Cuireann an duine dearcthaí daoine eile san áireamh.
- Déanann an duine cumarsáid ar bhealaí lena ngintear tacaíocht ghníomhach agus lena gcruthaítear staid a théann chun tairbhe do na páirtithe uile lena mbaineann.

eu careers



# 8.
# Infhiontraíocht

Déanann an duine athrú a chur chun cinn, daoine eile a spreagadh agus a chumhachtú chun athrú a chur i bhfeidhm, agus cuireann sé treoraíocht ar fáil ar gach leibhéal.

## Ancairí:

- Léiríonn an duine tionscnaíocht, cuireann sé deireadh le bacainní agus smaoiníonn sé chun cinn.
- Glacann an duine le dúshláin nua, tionscnaíonn sé athrú, agus tugann sé ceannaireacht nuair is gá.
- Déanann an duine daoine eile a spreagadh chun beart a dhéanamh agus dul chun cinn a dhéanamh.
- Treoraíonn agus cumhachtaíonn an duine daoine eile chun a bhfeidhmíocht a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Feidhmíonn an duine mar eiseamláir agus mar ambasadóir don roinn.